



The Real Face of Men's Health

TUARASCÁIL PHOBLAHT NA HÉIREANN 2025
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN



MOVEMBER®INSTITUTE
OF MEN'S HEALTH
MOUSTACHES LOVE RESEARCH

Achoimre Fheidhmeach

ÉIRE I GCEANNAS I SLÁINTE NA bhFEAR

Ba í Éire an chéad tír ar domhan a d'fhoilsigh Beartas Náisiúnta um Shláinte na bhFear in 2009, agus í chun tosaigh ar fud na cruinne. Ó tugadh an beartas isteach tá feabhas suntasach tagtha ar shláinte na bhfear, go háirithe i laghdú básanna roimh am. Tugann anailís nua le fios gur seachnaíodh suas le 17,342 bliain saoil caillte ag fir faoi 2018, i gcomparáid leis na treochtaí a mbeifí ag súil leo, sa tréimhse ó tugadh an beartas isteach.

Cuireann an tuarascáil seo torthaí i láthair a neartaíonn an cás le haghaidh ceannaireachta leanúnaí agus dul chun cinn i sláinte na bhfear in Éirinn, agus béim á cur ar ról nua na bhfear, treochtaí sláinte atá ina ábhar imní, agus léargais nua faoi thionchar nach rabhthas ag súil leis maidir le sláinte na bhfear ar an bpobal, cúramóirí agus an gheilleagar. I dtaighde nua, d'éist sinn le DGanna ar an túslíne agus le breis is 2,000 ball den phobal a bhfuil fonn orthu tacú le sláinte na bhfear a sháraíonn deighiltí tipiciúla agus a léiríonn meon aontaíoch poiblí a thacaíonn go láidir le freagairt náisiúnta.

Molann an tuarascáil seo go ngeallfadh an Rialtas don uailmhian bhunaigh a bhí sa Bheartas Náisiúnta Sláinte na bhFear 2009, infheistíocht tosaigh de €10M a leithdháileadh agus anailís iomlán costais a choimisiúnú chun acmhainní agus cur i bhfeidhm cuí a chinntiú don phlean gníomhaíochta seo agus do phleananna gníomhaíochta amach anseo chun tacú leis an raon leathan fear in Éirinn. Léiríonn an tuarascáil go soiléir nach cluiche nialasach é tacú le sláinte na bhfear – tá ciall leis do mhná, páistí, teaghlaigh agus don tsochaí ina hiomláine. Cabhraíonn sé freisin le buanú steiréitíopaí inscne sriantacha a sheachaint, a chuir mná go traidisiúnta i mbun ról chúraim agus chothaithe. Ba chóir do straitéisí sláinte na mban agus na bhfear a bheith ina gcomhlánú ar a chéile, seachas dul san iomaíocht lena chéile, agus luachanna comhroinnte cothromais, folláine agus comhtháthú sóisialta á léiriú acu.

A BHEITH I DO FHEAR IN ÉIRINN INNIU – FIREANACHT AGUS RÓIL AG ATHRÚ LE NOEL RICHARDSON

Tá Éire ag céim athraithe thábhachtach, agus an bhrí a bhaineann le bheith i d'fhear níos solúbtha de bharr athraithe cultúrtha, éiginnteacht eacnamaíoch, dul chun cinn teicneolaíochta agus níos mó oscailteachta i leith leochaileachta. Tá tionchar na ndaoine a mbíonn tionchar acu ar an bhfireannacht, díospóireachtaí faoi fhireannacht thocsaineach, tionchar chuimhneacháin chultúrtha (e.g. Adolescence ar Netflix), an méadú ar chomhghuaillíocht na bhfear, athruithe i samhlacha ról na bhfear, ról nua atharthachta, agus ardáin dhigiteacha ag múnú an chaoi a bhfeiceann fir iad féin – go háirithe fir óga atá ag lorg céannachta, ceangail agus treorach ar líne.

Léiríonn an tuarascáil seo an chaoi a mbíonn tionchar ag ionchais shóisialta faoi fhearúlacht ar chinntí agus ar thorthaí sláinte na bhfear, a athraíonn idir chultúir agus laistigh díobh. Cé gur féidir leis na brúnna seo dochar a dhéanamh d'fhéiniúlacht agus do fholláine na bhfear, tá fianaise shoiléir ann freisin go bhfuil cumas ag fir agus buachaillí dul i dtaithí agus rath bheith orthu trí athrú.

Mar ábhar misnigh, ní hé amháin go bhfuil sochaí na hÉireann réidh don athrú seo, tá an comhrá náisiúnta ag athrú. Ó Bhotháin na bhFear go dtí ionaid oibre, airéiní spóirt agus seomraí ranga, tá an fonn chun fir a thuiscint agus tacú leo ag fás.

An Léargas Mór: Torthaí Sláinte na bhFear

Cé go bhfuil torthaí sláinte na bhfear ag feabhsú go ginearálta, tá an iomarca fear in Éirinn fós ag fáil bháis ag aois ró-óg, de bharr cúiseanna atá inchoiscithe den chuid is mó, agus ag caitheamh cuid shuntasach dá saol agus drochshláinte orthu.

Caitheann an tuarascáil iomlán súil níos géire ar staid reatha shláinte na bhfear, ag nochtadh na n-éagothromaíochtaí atá ann trasna tíreolaíochta, cúlra socheacnamaíoch, eitneachais agus céime beatha. Ag tarraingt ar na sonraí is déanaí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE maidir le fachtóirí riosca, agus ag ionchorprú anailíse agus sonraí nua, cuireann sé léargas cuimsitheach ar fáil ar thorthaí sláinte d’fhir in Éirinn.

Léiríonn anailís nua:

Fuair thart faoi 7,453 fear bás roimh am in Éirinn in 2022. Is ionann seo agus 40.2% de na básanna fireann go léir.

Tá bás roimh am 40% níos airde i measc na bhfear i gcomparáid leis na mná in Éirinn. Tá an bearna seo seasta le himeacht ama.

Bhí ráta báis na bhfear i bhfad níos airde ná na mban thar na cúig phríomhchúis bháis.

Meastar go mairfidh fir sna ceantair is boichte in Éirinn 5 bliana níos lú ná fir sna ceantair is saibhre, agus tá siad beagnach 1.5 oiread níos dóchála bás a fháil roimh am.

Tá fir sna ceantair is boichte 46% níos dóchála bás a fháil roimh am i gcomparáid le mná sna pobail chéanna.

Cé go mbíonn torthaí sláinte na bhfear múnlaith ag réimse leathan fachtóirí a mbíonn forluí eatarthu, tugann fianaise le fios go mbíonn ról lárnach ag drochstíl maireachtála agus iompar sláinte. Áirítear leo seo leibhéil arda úsáid alcóil, drugaí agus tobac, rátaí arda de dhaoine a bheith róthrom agus murtallach, leibhéil ísle gníomhaíochta coirp, chomh maith le feasacht theoranta agus úsáid íseal ar sheirbhísí coiscitheacha sláinte, amhail scagthástáil agus aimsiú luath.

I gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois – táthar ag súil go ndúblóidh líon na bhfear atá 65 bliain d’aois nó níos sine in Éirinn faoin mbliain 2055 – éilíonn na dúshláin seo aird phráinneach agus leanúnach. Mar sin, beidh sé ina thosaíocht lárnach sa amach anseo díriú ar aosú sláintiúil, agus ní hamháin blianta a chur leis an saol, ach saol a chur leis na blianta, ionas go mbeidh fir in ann cur lena dteaghlaigh agus lena bpobail ar bhealaí fiúntacha.

Gnéithe Sláinte na bhFear Nach Rabhthas Ag Súil Leo

TIONCHAR DROCHSLÁINTE FIR AR A NGHAOLTA

Bíonn tionchar ag na dúshláin a théann i bhfeidhm ar shláinte na bhfear ar a bpáirtithe, a dteaghlaigh, a gcomhghleacaithe agus ar shochaí na hÉireann ina hiomláine.

Nuair a bhíonn rochtain ag fir ar chúram sláinte éifeachtach, iontaofa agus tráthúil, is dócha go mbíonn siad páirteach i bhféinchúram agus go mbíonn siad rannpháirteach mar aithreacha gníomhacha, páirtithe, cúramóirí agus saoránaigh. Ach nuair a theipeann ar shláinte na bhfear, bíodh sé mar gheall ar idirghabháil dhéanach, smál nó bacainní córasacha, is minic a thiteann ualach na freagrachta ar na daoine mórtimpeall orthu.

Is féidir le drochmheabhairshláinte na bhfear teacht chun cinn le hiompar dainséarach amhail cearrbhachas fadhbach nó úsáid throm alcóil. Is féidir go mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha aige seo ar na fir féin, agus ar teaghlaigh chomh maith, lena n-áirítear cruatan airgeadais, foréigean inscne-bhunaithe, briseadh teaghlaigh, agus tráma idirghlúine. In Éirinn, tá foréigean i gcaidrimh pearsanta ina fhadhb shuntasach fós, agus is mná is minice a bhíonn thíos le dochar tromchúiseach.

Nuair a bhíonn tinneas ainsealach ag cur as do na fir, is minic a bhíonn sé de fhreagracht ar a ngaolta aire a thabhairt dóibh go ciúin. Sa bhliain 2022, bhí breis is 299,000 cúramóir neamhíochta in Éirinn. Ba mhná beagnach dhá thríán díobh. Mar sin féin, tá a dtaithí beagnach dofheicthe sa chomhrá náisiúnta ar shláinte na bhfear, go háirithe agus iad ag tacú le fir.

Rinne Movember suirbhé ar 802 cúramóir neamhfhoirmiúil (teaghlaigh, cairde, páirtithe) a bhí ag tacú le fir a raibh fadhbanna fisiciúla agus/nó meabhairshláinte orthu.

Ba mhná iad an chuid is mó de na gcúramóirí (68%) agus thuairiscigh siad leibhéil i bhfad níos airde de bhrú mothúchánach, síceolaíoch agus fisiciúil, agus sástacht saoil níos ísle ná a gcomhchúramóirí fireanna.

Na heispéiris dhiúltacha ba choitianta de chúram do fhir in Éirinn ná buairt leanúnach nó imní, strus agus ró-ualach mothúchánach, drochghíumar nó dúlagar, deacrachtaí maidir le déileáil le cúrsaí, agus uaigneas.

Tá rochtain ar thacaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla meabhairshláinte ríthábhachtach chun cosaint a thabhairt dóibh siúd a thugann aire d’fhir in Éirinn. Ní tharlaíonn cúram leis féin bíonn tionchar ag córais sláinte, solúbthacht san ionad oibre, cobhsaíocht airgeadais, agus tacaíocht phobail air.

Chun sláinte na bhfear a fheabhsú, ní mór dúinn a chinntiú nach mbíonn orthu siúd atá ag tabhairt cúraim é sin a dhéanamh ar a gcostas féin. Tá cúramóir le tacaíocht níos ábalta cúram, leanúnach fiúntach a sholáthar.

Tá na costais mhothúcháinacha, fhisiciúla agus airgeadais fíor – go háirithe do na mná, a dhéanann an chuid is mó den obair dofheicthe seo fós. Cé gur féidir le cúram a bheith ina fhoinsé struis, is féidir leis freisin brí dhomhain, gaolta níos dlúithe agus braistint cuspóra athnuaithe a thabhairt. Tuairiscíonn cúramóirí go mbíonn siad níos tuisceanaí, go mbíonn siad níos buíche faoin saol, agus go mbíonn siad níos acmhainní ó thaobh mothúcháin de. **Nuair a fhaigheann siad tacaíocht chuí, is féidir leis an chúram bheith ina eispéireas dearfach cumhachtach. Más dáiríre linn sláinte na bhfear in Éirinn a fheabhsú, caithfidh sinn infheistíocht a dhéanamh ní hamháin i seirbhísí sláinte coiscitheacha inrochtana d’fhir ach sna daoine a thacaíonn leo freisin.** Ciallaíonn sé sin córais a dhearadh a mhaolaíonn tionchar agus a fheabhsaíonn taithí na gcúramóirí, agus iad a aithint mar chuid lárnach dár sláinte chomhchoiteann agus ríthábhachtach do chóras cúram sláinte atá faoi bhrú.



AR AN TÚSLÍNE:
DGANNA AR RÉALACHTAÍ
SLÁINTE NA BHFEAR

Cé go mbíonn na fir ag brath ar ghaolta chun tacaíocht a fháil go minic, is iad na dochtúirí ginearálta (DGanna) de ghnáth an chéad phointe teagmhála agus an ceann is rialta nuair a thagann saincheisteanna sláinte chun cinn, agus imríonn siad ról lárnach maidir le fir a nascadh le sainseirbhísí. Chun seo a fhiosrú tuilleadh, chuaigh ‘IPSOS B&A’ i gcomhairle le 80 DGanna Éireannach faoina dtaithe le hothair fhireanna.

Trí dhearcadh na ndochtúirí ginearálta a fháil, tugann an tuarascáil seo léargas ar na constaicí agus na deiseanna atá ann chun tacú le fir ar bhealach níos éifeachtaí, go háirithe maidir le drochmheabhairshláinte nó féinmharú.

Luaigh DGanna srianta **ama agus leisce na bhfear ábhair íogaire a phlé** – go háirithe meabhairshláinte – mar bhacainní móra maidir le sláinte na bhfear a réiteach.

Luaigh DGanna **smál**, noirm shóisialta maidir le **féinmhuinín**, **easpa líonraí tacaíochta** agus **eagla roimh thionchar gairme** mar phríomhchúiseanna a raibh fir drogallach cabhair a lorg dá meabhairshláinte.

Ní raibh ach **14% de DGanna an-mhuiníneach as oibriú** le fir a bhfuil claontaí féinmharfacha acu agus ní raibh **24% chomh muiníneach sin**.

Ba iad na **saincheisteanna ba choitianta** a tuairiscíodh agus iad ag obair le fir a bhí ag léiriú iompar féinmharfach ná rochtain arsheirbhísí meabhairshláinted’ardchaighdeáin, cumarsáid oscailte theoranta ó othair fir, agus easpa tacaíochtaí géarchéime.

Molann DGanna go láidir rochtain mhéadaithe ar sheirbhísí meabhairshláinte atá cairdiúil do fhir, níos mó síceolaithe agus síciatraithe, comhairleoireacht saor in aisce nó ar chostas íseal lasmuigh de shuíomhanna ospidéal, agus amanna feithimh laghdaithe. Léiríonn siad freisin na constaicí atá ann, lena n-áirítear atreoruithe a dhiúltaítear, córais coinne dochta, agus tréimhsí feithimh fada – rudai a théann i bhfeidhm go díréireach ar ghrúpaí fear atá níos óige agus níos imeallaithe. Chuir siad béim ar an luach le seirbhísí áitiúla, idirghabháil luath, agus cur chuige bunaithe ar stíl mhaireachtála, chomh maith le rochtain fheabhsaithe i gceantair thuaithe agus oideachas poiblí níos fearr Ba mhaith le DGanna níos mó oiliúna dírithe ar inscne d’fhoirne agus córas cúraim níos comhtháite. Moltar tuilleadh taighde le gairmithe meabhairshláinte chun dúshlán agus deiseanna ar fud an chórais a thuiscint níos fearr maidir le dul i dteagmháil leis na fir, go háirithe i dtaca le féinmharú a chosc agus idirghabháil luath.

TUAIRIMÍ AN PHOBAIL
AR STAID SLÁINTE NA
BHFEAR IN ÉIRINN

Tugann tuiscint ar an gcaoi a bhféachann pobal na hÉireann ar staid shláinte na bhfear – ó imní faoin meabhairshláinte go tuairimí ar cad is brí le bheith i do fhear sa lá atá inniu ann léargais ríthábhachtacha ar na deiseanna le dul chun cinn a dhéanamh. Nochtann pobalbhreith nua ar scála náisiúnta, a rinne ‘More in Common’ don tuarascáil seo, go dtéann tacaíocht phoiblí do ghníomh ar shláinte na bhfear thar na deighiltí polaitiúla tipiciúla agus go seasann sé mar cheist a thugann daoine le chéile, ní mar cheist chlaonpháirteach.

Áirítear leis na príomhthorthaí:

Ceapann beagnach leath de phobal na hÉireann go bhfuil feabhas tagtha ar sheirbhísí sláinte na bhfear le 15 bliana anuas.

Léiríonn **3 as 4 duine fásta in Éirinn** imní faoi staid shláinte na bhfear, tuairim a roinneann gach aoisghrúpa, inscne agus cleamhnas polaitiúil.

Is iad fir **óga** (18-24) a bhfuil an imní ghlan is airde acu ag 73%.

Creideann leath de phobal na hÉireann go bhfuil fir óga ag éirí níos scoite amach ó shochaí na hÉireann.

Creideann **2 in 3** nach ndíríonn an rialtas go leor ar na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar fhir.

Mothaíonn **3 in 5** athair Éireannach nach bhfuil dóthain airde á tabhairt ag an tsochaí ar thacaíocht a thabhairt dóibh.

Ceapann níos mó ná **8 in 10 Éireannach** gur dea-smaoineamh é an Plean Gníomhaíochta um Shláinte na bhFear.

Luaigh fócasghrúpaí a dhein More in Common ról ríthábhachtach na mban freisin maidir le fir a spreagadh chun cabhair leighisa, ag gníomhú mar gheatairí ar chúram. Cé go bhfuil sé fíorthábhachtach, cuireann sé béim freisin ar an tionchar mothúchánach dofheicthe a bhíonn ar go leor ban mar chúramóirí neamhfhoirmiúla, go háirithe nuair a bhíonn drogall ar fhir gníomhú.

Bhí comhaontú láidir ann gur cheart don tsochaí labhairt níos mó faoi fhéinmharú, uaigneas agus dúshlán meabhairshláinte na bhfear agus na bhfear óga. Chonacthas goraibh anstiogma a bhaineann le cabhair a lorg ar an gconstaic is mó ar rochtain fir ar thacaíocht dá meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil.

Nuair a cuireadh ceist faoi cad iad na tréithe ba cheart d’fhir iarracht a dhéanamh a léiriú sa lá atá inniu ann, ba iad na freagraí ba choitianta ná: soláthar a dhéanamh dá dteaghlach agus grá a muintir a choinneáil slán.

Tá tionchar sláinte na bhfear ag leathadh go pointe níos faide ná ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh agus ar an tsochaí, agus tá sé ina gcúis imní eacnamaíoch atá ag leathadh chomh maith. Nochtann taighde nua a choimisiúnaigh HealthLumen don tuarascáil seo na costais shuntasacha eacnamaíocha a bhaineann le drochshláinte na bhfear d'Éirinn. Is cúis le costais dhíreacha ar chórais sláinte agus cúraim í drochshláinte na bhfear, chomh maith le costais indíreacha don gheilleagar níos leithne, trí tháirgiúlacht laghdaithe, tuarastal níos ísle, agus ioncam cánach cailte don rialtas.

Meastar sa taighde costais na gcúig riocht is cúis leis an líon is mó blianta saoil a chailtear de dheasca drochshláinte d'fhir in Éirinn: galar corónach croí, stróc, galar scamhóige toirmeascach ainsealach, ailse scamhógach, agus féinmharú. Bhí costais fhoriomlána na gcúig riocht seo i measc na bhfear os cionn €1 billiún in 2025 amháin. As seo, aithníodh €716 (69%) mar rud a d'fhéadfaí a chosc. Chlúdódh sé sin leathchuid den chaiteachas caipitil a cuireadh ar fáil don Roinn Sláinte do 2025.

Cé gur féidir gur sprioc fhadtéarmach í cosc iomlán a chur ar na galair seo, léiríonn na sonraí seo scála agus suntasacht na gcostas a d'fhéadfaí a shábháil trí idirghabhálacha atá dírithe ar dhrochshláinte ineachanta a chosc. D'fhéadfaí na costais a sheachaint a athinfheistiú sa chóras cúram sláinte chun feabhas a chur ar chúram dóibh siúd nach féidir drochshláinte a sheachaint.

Fís don Todhchaí: Céard is Féidir le Rialtas na hÉireann a Dhéanamh

Mar an chéad tír ar domhan a d'fhoilsigh beartas náisiúnta sláinte na bhfear in 2009, tá Éire chun tosaigh, go hidirnáisiúnta, maidir le sláinte na bhfear a chur chun cinn ar leibhéal an bheartais sláinte. Cé gur seoladh an polasaí ag an am céanna leis an ngéarchéim airgeadais dhomhanda, léirigh na daoine a raibh an cúram orthu an polasaí a chur i bhfeidhm cad is féidir a bhaint amach trí nuálaíocht, cur chuige comhoibríoch agus comhpháirtíochta, úsáid stuama acmhainní, agus bonn fianaise láidir a thógáil do shláinte na bhfear.

Mar an chéad tír ar domhan a d'fhoilsigh beartas náisiúnta sláinte na bhfear in 2009, tá Éire chun tosaigh, go hidirnáisiúnta, maidir le sláinte na bhfear a chur chun cinn ar leibhéal an bheartais sláinte. Cé gur seoladh an polasaí ag an am céanna leis an ngéarchéim airgeadais dhomhanda, léirigh na daoine a raibh an cúram orthu an polasaí a chur i bhfeidhm cad is féidir a bhaint amach trí nuálaíocht, cur chuige comhoibríoch agus comhpháirtíochta, úsáid stuama acmhainní, agus bonn fianaise láidir a thógáil do shláinte na bhfear.

Tugann torthaí na tuarascála seo sainordú láidir chun ceannaireachta agus dul chun cinn leanúnach ó gach earnáil. Lena n-áirítear cur chuige tras-rannach ach cur chuige rialtais uile-rialtais agus tacaíocht do shláinte na bhfear trí admháil nach bhfuil tionchar ag sláinte na bhfear amháin ar fhir ach go mbíonn tionchar aici ar theaghlaigh, ar ghaoilta, ar an bpobal agus ar an tsochaí i gcoitinne. Aithníonn sé freisin na ról iomadúla a chomhlíonann fir – mar 'fhir', mar fhir chéile/comhpháirtithe, mar aithreacha/mar sheanathair, mar oibrithe/soláthraithe, mar chúramóirí, agus mar bhaill den phobal.

ÁR GEALLÚINT

Tá Movember ag iarraidh comhpháirtíocht fhadtéarmach agus bhríoch a bhunú le Rialtas na hÉireann chun dul i ngleic le chéile leis na saincheisteanna casta i sláinte na bhfear. Agus é sin á dhéanamh againn, beidh Movember ag gealladh ár maoiniú féin, ár líonraí pobail, agus ár saineolas taighde agus seachadta clár. Thar ár n-infheistíochtaí reatha, cuirfidh Movember €1M ar fáil chun acmhainn a thógáil agus taighde pobail ar shláinte na bhfear a dhéanamh ar bhonn fíorshaoil ó 2026 ar aghaidh. Chomh maith leis sin, cuirfidh infheistíocht €200,000 ar fáil i bhfeachtais feasachta náisiúnta a thógfar le fir, do fhir a fheabhsaíonn rannpháirtíocht na bhfear agus an nasc dearfach atá acu lena sláinte.

Bunaithe ar an taighde sa tuarascáil seo, lena n-áirítear sonraí agus anailís nua ó údair na tuarascála, déanann Movember na moltaí seo a leanas. Tá sé mar aidhm leo seo cur leis na bunsraitheanna láidre a chuir rialtais Éireannacha i bhfeidhm i ndiaidh a chéile do shláinte na bhfear trí dhíriú ar roinnt réimsí a bhfuil tacaíocht ar leith tuillte acu sna blianta amach romhainn.

PRÍOMHMHOLTAÍ:

Iarraidh ar an Rialtas seo aitheantas a thabhairt don ghá atá le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na bhFear 2024-2028 a chur chun cinn. €10M a infheistiú ar dtús mar aon le hanailís iomlán costais a choimisiúnú chun acmhainní agus cur i bhfeidhm cuí an Phlean Gníomhaíochta a chinntiú, ag tacú leis an raon leathan fear in Éirinn. Tosaíocht a thabhairt d’fhorbairt Ráitis Beartais Tras Rialtais maidir le Sláinte na bhFear.

GLAO BEARTAIS 1.

Breithniú a dhéanamh ar líon na bpáirtithe leasmhara straitéiseacha a thacaíonn leis an bplean gníomhaíochta agus líon na gcomhpháirtithe laistigh d’earnálacha rialtais a mhéadú chun iarrachtaí comhoibríocha a fheabhsú, chun cur i bhfeidhm éifeachtach chuspóirí HI-M a chinntiú agus chun oiriúnú do riachtanais athraitheacha na bhfear.

- 1.1 I gcomhar le comhpháirtithe, plean inbhuanaitheachta agus forbartha fadtéarmach a fhorbairt agus a fhoilsiú le maoiniú tosaigh leithdháilte de €10 milliún thar an dá thimthriall Buiséid eile chun cláir sláinte na bhfear atá bunaithe ar fhianaise a leathnú sa phobal a bhfuil fir, agus go háirithe iad siúd a bhfuil na torthaí sláinte is measa acu, tar éis dul i ngleic leo go rathúil. Oibriú chun infheistíocht a fháil i líonraí a fhorbraíonn agus a sheachadann cláir lena n-áirítear comhionannas inscne, caidrimh shláintiúla agus neamhfhulaingt i leith foréigin ghnéasaigh.
- 1.2 Ráiteas Beartais Tras-Rialtais maidir le Sláinte na bhFear a fhorbairt agus a fhógairt, lena n-áirítear gealltanais ábhartha tras-rannacha a chuirfidh ar chumas monatóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn tábhachtach i sláinte na bhfear agus ar thionscnaimh a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta um Shláinte na bhFear ar fud ranna rialtais.
- 1.3 Machnamh a dhéanamh ar ionadaíocht éagsúil ó ranna rialtais ar fud na tíre a áireamh ar an nGrúpa Cur Chun Feidhme HI-M nua, lena n-áirítear tuairisciú rialta nuashonraithe ar Ghníomhartha comhaontaithe.

GLAO BEARTAIS 2.

Smaoinigh ar chur chuige for-rochtana a ghlacadh chun buachaillí, fir agus cúramóirí sa phobal a spreagadh chun stíl mhaireachtála shláintiúil agus féinbhainistíocht a ghlacadh, lena n-áirítear rochtain thráthúil ar chúram sláinte nuair is gá dóibh é, chun folláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach a chur chun cinn.

- 2.1 An Rialtas seo le breithniú a dhéanamh ar lionsa inscne a chur i bhfeidhm ina fheachtais sláinte poiblí ábhartha agus iomchuí féin. Chun tosaíocht a thabhairt do shraith uirlisí sláinte na bhfear a forbraíodh i gcomhar le comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha chun tacú le cur i bhfeidhm cur chuige inscne-shonracha i gcláir atá ann cheana féin.
- 2.2 Cláir folláine agus sláinte reatha atá dírithe agus oiriúnach ó thaobh an chultúir de a fhorbairt agus a leathnú, chun forbairt fearúlachtaí sláintiúla a chothú, i gcomhpháirt le hearnáil sláinte na bhfear, tionchairí ar líne agus ardáin dhigiteacha agus comhpháirtithe abhcóideachta – go sonrach do na fir sin a bhfuil na torthaí sláinte is measa acu, lena n-áirítear fir den Lucht Siúil agus fir ó thaobh cine agus eitne de agus fir de chuid mionlaigh de.
- 2.3 Infhaighteacht acmhainní breise a fhiosrú chun tacú le spriocanna na Straitéise Náisiúnta um Chúramóirí trí chúnamh a thabhairt dóibh siúd atá ag tabhairt aire d’fhir a sláinte fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúchánach féin a bhainistiú trí fhaisnéis agus oiliúint atá freagrach ó thaobh inscne de a chur ar fáil dóibh, tacú leo rochtain a fháil ar sheirbhísí maoinithe agus ar chlár agus líonraí pobail sláinte na bhfear, agus a muinín a mhéadú chun tacú leis na fir ina saol.
- 2.4 An rialtas seo chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gclár Movember Ahead of the Game i gcomhpháirtíocht le Clár Club Sláintiúil CLG Irish Life chun a chinntiú go leanfaidh sé de bheith ag fás agus ag tionchar, ag cur leis an €1M atá geallta cheana féin ag Movember.

GLAO BEARTAIS 3.

Beartas agus acmhainní a thógáil a thacaíonn go héifeachtach le fir ag príomhphointí idirghabhála agus aistrithe – ag tacú lena sláinte, a dtáirgiúlacht agus a bhfolláine féin agus sláinte, táirgiúlacht agus folláine a bpobal.

- 3.1 Oibriú i gcomhar le comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha chun acmhainní saincheaptha a fhorbairt d’aithreacha chun tacú le sláinte dhearfach agus cumarsáid lena leanaí i réimsí sláinte agus folláine agus tuismitheoireachta (lena n-áirítear aithreacha atá ina dtuismitheoirí aonair/comhthuismitheoireacht).
- 3.2 Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht athbhreithniú a choimisiúnú ar bheartais reatha maidir le saoire atharthachta d’fhonn líon na n-aithreacha nua a fhaigheann tacaíocht ar shaoire atharthachta a mhéadú, aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus smál féideartha, glacadh saoire a normalú agus sruth oibre tiomnaithe a bhunú chun comhairle a thabhairt maidir le beartais leordhóthanacha agus solúbtha maidir le saoire thuismitheoireachta a oibríonn do theaghligh, d’fhostóirí agus don rialtas.
- 3.3 Dul chun cinn a dhéanamh ar thionscnaimh reatha chun tacú le meabhairshláinte oibrithe, agus iarracht a dhéanamh tionscnaimh nua a bhunú, trí infheistíocht a dhéanamh in idirghabhálacha fianaise-bhunaithe san ionad oibre chun teacht ar oibrithe fireanna, i gcomhpháirtíocht le fostóirí agus grúpaí ionadaíocha Éireannacha.

PRÍOMHMHOLTAÍ:

Iarraidh ar an Rialtas seo aitheantas a thabhairt don ghá atá le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na bhFear 2024-2028 a chur chun cinn. €10M a infheistiú ar dtús mar aon le hanailís iomlán costais a choimisiúnú chun acmhainní agus cur i bhfeidhm cuí an Phlean Gníomhaíochta a chinntiú, ag tacú leis an raon leathan fear in Éirinn. Tosaíocht a thabhairt d’fhorbairt Ráitis Beartais Tras Rialtais maidir le Sláinte na bhFear.

GLAO BEARTAIS 4.

Leanúint ar aghaidh ag tógáil córais chúram sláinte agus lucht saothair a fhreagraíonn do riachtanais na bhfear.

- 4.1 Infheistíocht a dhéanamh i gcláir oiliúna chuimsitheacha ar nós ENGAGE agus Men in Mind chun eolas, scileanna agus muinín lucht oibre cúraim sláinte a neartú agus iad ag obair go héifeachtach le fir. Plean a fhorbairt chun Men in Mind a thriail agus soláthar an chláir ENGAGE a leathnú chuig soláthraithe seirbhíse ar an líne thosaigh agus éascaitheoirí pobail ó eagraíochtaí comhpháirtíochta Sláintecare, lena n-áirítear comhairliúchán le hionadaithe ó phobail nua, agus méadú ar iarrachtaí abhcóideachta chun é a chomhtháthú i gcláir ábhartha tríú leibhéal sláinte agus cúram sláinte gaolmhar.
- 4.2 Infheistíocht i bhfeachtais litearthachta sláinte a thógtar le fir, do fhir, a fheabhsaíonn rannpháirtíocht agus nasc dearfach na bhfear leis an gcóras sláinte trí fheachtais feasachta náisiúnta, lena n-áirítear machnamh a dhéanamh ar mhaoiniú meaitseála d’infheistíocht €200K ó Movember.
- 4.3 Machnamh a dhéanamh ar infheistíocht nua agus mhéadaithe i gcláir náisiúnta scagthástála agus coiscitheacha, agus an leas is fearr is féidir a bhaint as bealaí digiteacha agus idirghabhálacha pobalbhunaithe. Uaillmhianta lena n-áirítear méadú ar ghlacadh le fir i measúnuithe riosca galar cardashoithíoch, scagthástáil ailse bputóg agus scagthástáil meabhairshláinte, agus deis ag na cláir sin gníomhú mar bhealach d’fhir rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar chláir áitiúla.
- 4.4 Oibriú le comhpháirtithe chun deiseanna infheistíochta nua agus méadaithe a iniúchadh i Irish Prostate Cancer Outcome Registry (IPCOR) chun inbhuanaitheacht a chumasú tar éis 2028 agus a chinntiú go leanfar de bhailiú agus d’úsáid sonraí ardchaighdeáin a chuireann ar chumas soláthraithe cúram sláinte monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht cúraim, aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí i gcóireáil, agus na torthaí is fearr is féidir a sheachadadh d’othair.

POLICY CALL 5.

Advance research to better respond to how men engage with their health, and healthcare services.

- 5.1 Aim to provide robust, up-to-date, and inclusive national data on the experiences and health outcomes of men through potential areas such as:
 - Address gaps in knowledge about how men move through, or drop out of, the health system by partnering with the Movember Institute of Men’s Health to better understand, at a population level, how, when, and where men are utilising healthcare services.
 - Building on existing measures, develop a comprehensive data collection framework that captures differences across sex, gender, and priority populations, providing the evidence needed to guide future strategies and uncover potential cost savings.

Building on the points above, a focus on gathering and sharing information about the experiences, perceptions of masculinity, and health outcomes of Traveller men and men from minority ethnic backgrounds would be beneficial, as there is currently limited data available in these areas.
- 5.2 Match or increase the investment of €1M by Movember Institute of Men’s Health into building capacity and real-world community men’s health research over the lifetime of the Action Plan, including the regular collation of representative data on men’s health outcomes and attitudes towards masculinities and health, in order to track progress and to ensure that men’s health work continues to be underpinned by empirical evidence.



MOVEMBER® INSTITUTE
OF MEN'S HEALTH